# Cad is féidir LEATSA a dhéanamh le difríocht a dhéanamh?

Is féidir le gach duine bheith páirteach sa ghluaiseacht ar son na hiascaireachta freagraí. Tá an chumhacht ceannaigh ag tomhaltóirí, go háirithe, leis an tionscal a mhúnlú agus le tacú leis an athrú. Le chéile is féidir linn cinntiú go bhfágaimid oidhreacht ag ár gcuid leanaí agus ag ár gcuid garmhac ar féidir bheith bródúil aisti – farraigí bríomhara atá ar maos le beatha.

## MÁS MIAN LEATSA

**TACÚ LEIS AN IASCAIREACHT INBHUANAITHE, CUIR AN CHOMHAIRLE SEO A LEANAS SAN ÁIREAMH AGUS TÚ AG CEANNACH ÉISC:**

### FAIGH TUILLEADH EOLAIS FAOI NA HÉISC A CHEANNAÍONN TÚ

Cad as do na héisc? An bhfuil an stoc i mbaol nó an bhfuil soláthar flúirseach de ar fáil? An bhfuil an mhéid cheart ag baint leis?

### CUIR AITHNE AR BHLASANNA NUA

An gceannaíonn tú an cineál céanna éisc i gcónaí? Is féidir go spreagfadh an t-ardéileamh ar speicis áirithe éisc agus bhia mhara an ró-iascaireacht. Os a choinne sin bíonn a lán speiceas nach bhfuil chomh clúiteach céanna ar fáil níos forleithne. Bain triail as rud éigin nua mar athrú, in áit na n-iasc sin a cheannaíonn tú gach uair. Beidh do cheannaí éisc in ann comhairle a thabhairt duit faoin tslí lena ullmhú.



© Getty Images

### COINNIGH ORT DE BHEITH AG ITHE ÉISC

Is acmhainn in-athnuaite iad an t-iasc agus an bia mara má dhéantar iad a bhainistiú go cúramach. Is foinse cothaithe den scoth iad an bheirt acu, atá saibhir ó thaobh vitimíní agus mianraí de agus ar mórfhoinse aigéid shailligh óimige-3 iad. Agus iasc á ithe agat is féidir tú féin a chosaint ó raon galar, ón ailse go dtí an galar croí, agus ón dúlagar go dtí an t-airtríteas.

### CEANNAIGH BIA MARA INBHUANAITHE NUAIR IS FÉIDIR

Cuir ceist ar do cheannaí éisc, do mhiondíoltóir nó ar lucht do bhialainne áitiúla faoi na héisc a dhíolann siad, nó ceadaigh an t-eolas i dtreoirleabhar bia mhara. Táirgeann roinnt eagraíochtaí treoirleabhair do thíortha éagsúla san AE, ina luaitear táirgí bia mhara molta atá ar fáil in ollmhargaí.

### TACAIGH LE HIASCAIGH FREAGRACHA

Trí cheannach bia mhara inbhuanaithe a thacaítear leis na hiascairí sin ar mór leo an timpeallacht agus ar mian leo an acmhainn a chosaint don todhchaí.

# CCanna

### CÉ CHOMH TROMCHÚISEACH IS ATÁ AN FHADHB?

An-tromchúiseach ar fad. San iomlán tá ró-iascaireacht á déanamh ar 3 stoc as gach 4 cinn, 82 % de stoic na Meánmhara agus 63 % de stoic an Aigéin Atlantaigh.

### CAD É ATÁ I GCEIST LEIS AN IASCAIREACHT INBHUANAITHE?

Bíonn an iascaireacht inbhuanaithe nuair nach gcuireann sí cumas nádúrtha atáirgthe na stoc éisc i mbaol. Is acmhainn inathnuaite é an bia mara. Níl le déanamh ach é a bhainistiú i gceart.

### CAD É AN SÉANACHÁN?

Is é atá sa séanachán ná éisc neamhiarrtha agus créatúir eile a ghabhtar in eangacha iascaireachta agus a chaitear isteach san fharraige arís ó bháid. Is gnáth go mbíonn an séanachán marbh nó gortaithe agus cur amú beatha mara atá ann.

### CÁ HUAIR A BHEIDH FEIDHM LEIS AN ATHCHÓIRIÚ?

Beidh feidhm leis na rialacha nua a luaithe is a bheidh vóta caite ag rialtais Bhallstáit an AE agus ag an bParlaimint Eorpach maidir leis na tograí. Cuirfear iad i bhfeidhm go forásach mar is gá don earnáil í féin a chur in oiriúint agus bheith in ann torthaí a sheachadadh. Ach leagann an t-athchóiriú amach spriocdhátaí soiléire.

### CAD É AN DOBHARSHAOTHRÚ?

Is é atá sa dobharshaothrú ná feirmeoireacht éisc agus mhoileasc agus chrústach san fharraige nó i bhfionnuisce.

### CAD IS FÉIDIR LIOM A DHÉANAMH LE TACÚ LEIS AN IASCAIREACHT INBHUANAITHE?

Cuir ceist ar do cheannaí éisc cá bhfaigheann siad a gcuid éisc agus faigh amach faoi staid na stoc éisc i dtreoirleabhair bhia mhara. Roghnaigh raon speiceas éagsúil éisc agus ceannaigh an bia mara sin a ndeimhnítear é a bheith ag teacht ó fhoinse dhea-bhainistithe.

### AR CHÓIR DOM NÍOS LÚ ÉISC A ITHE?

Níor chóir, ach is féidir go mbeifeá ag iarraidh raon níos éagsúla éisc a ithe. Faigh amach faoi bhlasanna agus faoi oidis nua. Gheobhaidh tú amach go bhfuil gach cineál éisc fíorbhlasta agus go bhfuil sé éasca é a chócaráil.

### LE TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL

Le tuilleadh eolais a fháil faoin bhfeachtas leis an iascaireacht a athrú san AE, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin Roghnaigh Do Iasc:

**www.roghnaighdoiasc.eu**

KL-31-11-191-GA-C



# Conas mar a roghnaíonn tú?

CEANNAIGH GO HEAGNAÍ:
ROGHNAIGH IASC INBHUANAITHE AGUS BAINFIDH TÚ TAITNEAMH AS GO DEO.

AN COIMISIÚN EORPACH



# Fís nua d'fharraigí na hEorpa

Ní féidir linn neamart a dhéanamh san fhianaise a thuilleadh: mar iarmhairt dhíreach den ró-iascaireacht, is lú iasc atá le fáil san fharraige i rith an ama. Ní ghabhann na hiascairí ach fíorbheagán den mhéid a bhí siad in inmhe a ghabháil 20 bliain ó shin, agus bíonn na stoic ag gabháil i laghad bliain i ndiaidh bliana. Is é an rud nach bhfuil cuid de na speicis in ann atáirgeadh gasta a ndóthain lena líon a chothabháil: déantar 93 % den trosc sa Mhuir Thuaidh a ghabháil sular féidir leo pórú.

Is léir nach raibh na hiarrachtaí a rinneadh san am atá thart dóthanach. Inniu, mar chuid de mhórathchóiriú de Chomhbheartas Iascaigh an AE, tá cur chuige úrnua leagtha síos ag an gCoimisiún Eorpach maidir le conas a dhéantar iascaireacht. De réir na bpleananna nua, déanfar na hiascaigh a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe le cur ar chumas na ndaonraí éisc teacht chucu féin arís. Is é atá i gceist leis sin ná aird a thabhairt ar chumas na speiceas éagsúil atáirgeadh agus teorannú na ngníomhaireachtaí iascaireachta i limistéir áirithe.


© Lionel Flageul


© Getty Images

Ag an am céanna, cuirfear cosc ar an gcleachtas sin a dtugtar 'séanachán' air, a spreagann cur amú acmhainní bia agus caillteanais eacnamaíocha trí chaitheamh éisc nach n-iarrtar isteach san fharraige arís. Beidh sé de dhualgas ar na hiascairí an t-iasc ar fad a ghabhann siad a thabhairt i dtír.

Ina theannta sin, déanfar earnáil an dobharshaothraithe a fhorbairt le táirgeadh an bhia mhara a spreagadh agus le deiseanna nua a sholáthar do thionscal na hiascaireachta .

Mar thomhaltóirí, is féidir linn ar fad cur le rath an chur chuige nua seo trí roghanna ar an eolas a dhéanamh faoin iasc a cheannaímid. Beidh an t-athchóiriú ina chabhair freisin trí sholáthar faisnéise níos fearr faoi tháirgí bia mhara, sa tslí gur féidir linn iasc a roghnú a fuarthas ó fhoinse oiriúnach.

**ACMHAINN CHOITEANN ATÁ SNA FARRAIGÍ. TRÍ BHEART A DHÉANAMH I DTEANNTA A CHÉILE, IS FÉIDIR LINN IAD A CHOSAINT DON TODHCHAÍ.**

# Todhchaí a sholáthar don iasc agus do na hiascairí

Má athraímid an tslí ina mbímid ag iascaireacht beidh i gceist leis sin sochair bhuana do thomhaltóirí, d'iascairí agus don timpeallacht araon.

Cuirfidh scor na ró-iascaireachta ar chumas na ndaonraí éisc na stoic a atógáil agus rath a bheith orthu. Le himeacht ama beidh na hiascairí ag gabháil éisc níos aibí agus níos mó. Beidh rath ar an tionscal arís, agus beidh sé in inmhe roghanna fostaíochta tarraingteacha a thairiscint d'aos óg na bpobal cóstach. Beidh rannpháirtíocht níos dlúithe ag na daoine sin atá fostaithe san earnáil sa phróiseas cinnteoireachta, agus ní bheidh siad ag brath oiread céanna ar fhóirdheontais phoiblí.


© Getty Images

Díreoidh an Comhbheartas Iascaigh athchóirithe ar thorthaí fadtéarmacha. Déanfar níos mó socruithe ag lucht an tionscail iascaireachta féin, a mbeidh sé de chumas acu an acmhainn a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Beidh dreasachtaí airgeadais ar fáil do na daoine


© Getty Images

sin a bhíonn ag iascaireacht ar bhealach freagrach agus gearrfar pionóis ar na daoine sin nach ndéanann a leithéid. Beidh monatóireacht agus forfheidhmiú níos éifeachtaí ina gcabhair le dea-chlú na hearnála a bhaint amach arís.

Spreagfaidh earnáil dobharshaothraithe níos láidre soláthar bia na hEorpa agus laghdóidh sí ár spleáchas ar an mbia mara iompórtáilte. Ceadóidh scileanna nua agus nuálaíocht theicneolaíoch don earnáil dul chun cinn a dhéanamh agus fágfaidh siad go mbeidh príomhról á chur i gcrích ag an Eoraip sa tionscal domhanda.

Beidh na daoine sin inár measc a cheannaíonn agus a itheann iasc in ann a leithéid a dhéanamh go muiníneach, agus a fhios againn go bhfaightear ár gcuid bia mhara ó iascaigh dhea-bhainistithe. Beidh deis againn bia a roghnú atá d'ardchaighdeán agus a táirgeadh go háitiúil, a bhuíochas sin do lipéadú bia níos soiléire ar a bhfuil le fáil an fhaisnéis ar fad a bhaineann le bunús an táirge.

# Ón bhFarraige go dtí do phláta – tá tábhacht ag baint le ról an tomhaltóra

Tá bearta déanta ag roinnt miondíoltóirí agus úinéirí bialainne cheana féin le bia mara inbhuanaithe a fhoinsiú le haghaidh a gcuid custaiméirí.

'Tá earnáil na tráchtála tiomanta do ról gníomhach a chur i gcrích maidir le soláthar éisc inbhuanaithe agus dea-bhainistithe a bhaint amach, agus lena sheal ba chóir go gcuirfeadh sin ar chumas na miondíoltóirí freastal a dhéanamh ar éileamh méadaithe an tomhaltóra d'iasc agus do dhobharshaothrú atá sláintiúil agus atá níos cairdiúla ó thaobh na timpeallachta de.'

**Xavier Durieu, Ard-rúnaí EuroCommerce**

'Is mian linn stoic éisc a chaomhnú san fharraige d'ár gcuid leanaí. Is é an t-aon bhealach ina mbeidh an tionscal in ann rath a bheith air ná trí athruithe a fhágann go mbíonn an iascaireacht inbhuanaithe. Ó thosaíomar ag scaipeadh bileog is iomaí custaiméirí d'ár gcuid a thosaigh ag baint triail as speicis nua éisc.'


© Getty Images


© Getty Images

**Scott McMaster, Siopa éisc agus sceallóg *The Chip Box*, Stewarton, Albain**
Buaiteoir 'Duais na Dea-Ghabhála' 2010 (Good Catch Prize) a bhronn Cumann Caomhnaithe na gCúrsaí Muirí (Marine Conservation Society)

'Dúirt ochtó is a hocht faoin gcéad d'fhreagróirí ár suirbhé go raibh sé tábhachtach go bhfaighfí na táirgí éisc sin atá ar díol laistigh den Aontas Eorpach ó stoic nach bhfuil ró-iascaireacht á déanamh orthu. Is é an tAontas Eorpach an ceathrú táirgeoir is mó táirgí éisc agus dobharshaothraithe agus ba chóir dó bheith ina dhea-shampla, ag cur deireadh leis an ró-iascaireacht.'

**Louise Hill, WWF (CDF)**